**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 22 Meitheamh 2022 – Tequila Revolución v EUIPO – Horizons Group (London) (Revolution Vodka)**

**(Cás T-628/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Revolution Vodka – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh roimhe sin TEQUILA REVOLUCIÓN – Forais choibhneasta le diúltú – Airteagal 8(1)(a) agus (b) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Easpa fíorúsáide – Airteagal 47(2) de Rialachán 2017/1001)***

(2022/C 303/55)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Tequila Revolución S.A.P.I. De C.V. (Meicsiceo, Meicsiceo) (ionadaí: M. Pomares Caballero, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: S. Pétrequin agus V. Ruzek, Gníomhairí)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* Horizons Group (London) Ltd (Reading, an Ríocht Aontaithe)

**Maidir le:**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar cinneadh an chúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 22 Iúil 2021 (R 2266/2020-5) a chur ar neamhní agus a athrú.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Tequila Revolución S.A.P.I. De C.V. na costais a íoc.

([1]) IO C 490, 6.12.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 16 Meitheamh 2022 – bonnanwalt v EUIPO – Bayerischer Rundfunk agus páirtithe eile (tagesschau)**

**(Cás T-83/20)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí maidir le cúlghairm – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh tagesschau – Cúlghairm pháirteach – Ionadaíocht ó dhlíodóir nach tríú páirtí neamhspleách é maidir leis an iarratasóir – Neamh-inghlacthacht)***

(2022/C 303/56)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* bonnanwalt Vermögens- und Beteiligungsgesellschaft mbH (Bonn, an Ghearmáin) (ionadaí: T. Wendt, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: S. Hanne, i gcáil Gníomhaire)

*Páirtithe eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta:* Bayerischer Rundfunk (München, an Ghearmáin) agus an 8 iarratasóir eile atá ainmnithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis an ordú (ionadaí: B. Krause, Dlíodóir)

**Ábhar**

Trína chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 12 Nollaig 2019 (Cás R 1487/2019-2) ar neamhní.